Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2022
(OR. en)

14637/1/22
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0359(NLE)**

UD 234
COASI 209
POLCOM 168
ASIE 98

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 14482/ 2022 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam a bunaíodh leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 1 a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin<br>- Glacadh |

1. An 8 Samhain 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (14482/22 + ADD 1).

2. An 18 Samhain 2022, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an togra agus d'fhormhuinigh siad é ina dhiaidh sin, lena n-áirítear roinnt coigeartuithe riachtanacha. Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra freisin, i gcás nach ndearnadh aon agóid maidir le gnéithe substainteacha an togra.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar leagtar amach in 14636/22 agus in 14636/22 ADD 1 é;

– a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste um Chustam an Aontais Eorpaigh-Singeapór, mar a leagtar amach in 14636/22 ADD 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.